Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith L

2024/2192

7.9.2024

# CINNEADH (CBES) 2024/2192 ÓN gCOISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA

## an 27 Lúnasa 2024

## maidir le Ceannasaí Fórsa Mhisean an Aontais Eorpaigh a cheapadh ar Mhisean CBSC an Aontais Eorpaigh le haghaidh Oiliúint Mhíleata i bPoblacht na hAfraice Láir (EUTM RCA) agus lena n-aisghairtear Cinneadh (CBES) 2023/2112(EUTM RCA/1/2024)

TÁ AN COISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 38 de,

Ag féachaint do Chinneadh (CBES) 2016/610 ón gComhairle an 19 Aibreán 2016 maidir le Misean CBSC an Aontais Eorpaigh le haghaidh Oiliúint Mhíleata i bPoblacht na hAfraice Láir (EUTM RCA) ([1]), agus go háirithe Airteagal 5(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Airteagal 5(1) de Chinneadh (CBES) 2016/610 ón gComhairle, thug an Chomhairle údarás don Choiste Polaitiúil agus Slándála chun na cinntí ábhartha a bhaineann le rialú polaitiúil agus treoir straitéiseach Mhisean Míleata CBSC an Aontais Eorpaigh i bPoblacht na hAfraice Láir (EUTM RCA) a dhéanamh, lena n-áirítear na cinntí maidir le Ceannasaithe Fórsa Mhisean an Aontais Eorpaigh a cheapadh.

(2) An 3 Deireadh Fómhair 2023, ghlac an Coiste Polaitiúil agus Slándála Cinneadh (CBES) 2023/2112 ([2]) lena gceaptar an Briogáidire-Ghinearál Cornel TONEA-BĂLAN mar Cheannasaí Fórsa Mhisean an Aontais ar EUTM RCA.

(3) An 17 Iúil 2024, mhol údaráis mhíleata na Rómáine go gceapfaí an Briogáidire-Ghinearál Cornel Nicolae-Gabriel OROS chun teacht i gcomharbas ar an mBriogáidire-Ghinearál Cornel TONEA-BĂLAN mar Cheannasaí Fórsa Mhisean an Aontais Eorpaigh ar EUTM RCA.

(4) An 2 Lúnasa 2024, thacaigh Ceannasaí Mhisean an Aontais Eorpaigh leis an togra ó údaráis mhíleata na Rómáine.

(5) An 9 Lúnasa 2024, mhol Coiste Míleata an Aontais Eorpaigh go gceapfaí an Briogáidire-Ghinearál Nicolae-Gabriel OROS mar Cheannasaí Fórsa Mhisean an Aontais Eorpaigh ar EUTM RCA ón 27 Meán Fómhair 2024.

(6) Ba cheart cinneadh a dhéanamh maidir leis an mBriogáidire-Ghinearál Nicolae-Gabriel OROS a cheapadh mar Cheannasaí Fórsa Mhisean an Aontais Eorpaigh ar EUTM RCA ón 27 Meán Fómhair 2024 agus ba cheart Cinneadh (CBES) 2023/2112 a aisghairm.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

### *Airteagal 1*

Leis seo, ceaptar an Briogáidire-Ghinearál Nicolae-Gabriel OROS mar Cheannasaí Fórsa Mhisean an Aontais Eorpaigh ar Mhisean CBSC an Aontais Eorpaigh le haghaidh Oiliúint Mhíleata i bPoblacht na hAfraice Láir (EUTM RCA) ón 27 Meán Fómhair 2024.

### *Airteagal 2*

Leis seo, déantar Cinneadh (CBES) 2023/2112 a aisghairm.

([1]) IO L 104, 20.4.2016, lch. 21.
([2]) Cinneadh (CBES) 2023/2112 ón gCoiste Polaitiúil agus Slándála an 3 Deireadh Fómhair 2023 maidir le Ceannasaí Fórsa Mhisean an Aontais Eorpaigh a cheapadh ar Mhisean CBSC an Aontais Eorpaigh le haghaidh Oiliúint Mhíleata i bPoblacht na hAfraice Láir (EUTM RCA) agus lena n-aisghairtear Cinneadh (CBES) 2022/1919 (EUTM RCA/1/2023) (IO L, 2023/2112, 5.10.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2023/2112/oj).

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 27 Meán Fómhair 2024. Beidh feidhm aige faoi réir cinneadh a bheith glactha ag an gComhairle lena gcuirtear síneadh le sainordú EUTM RCA tar éis an 19 Meán Fómhair 2024.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 27 Lúnasa 2024.

*Thar ceann an Choiste Pholaitiúil agus Slándála*

*An Cathaoirleach*

D. PRONK